

A Léithéid de Chlampar!



Gearrscéal a scríobh Elvira Bonafacio
don tionscnamh Focail Eile,
Tuaisceart Éireann 2018



Aistrithe ag Peadar O Ceannabhain

**"Eitlíonn éin agus
déanaid réigiúin eile a
thaiscéaladh fad is a bhíd
dílis dá ndúchas"**

Coinníonn Teili greim docht ar a mála scoile, a ceann leathchlaonta is í ag tarraingt na gcos i dtreo sheomraí ranga na dteangacha.

"Deifrigh, a sheilimide," a deir duine éigin ar chúl Teili.

Déantar doirn de na lámha a bhí i ngreim go bog sa mála scoile. Méadaíonn súile Theili leis an bhfaghairt agus tugann sí féachaint ar an gcailín a labhair mar sin léi. Leanann Teili uirthi ag siúl fad a dóthain taobh thiar den chailín agus coinníonn sí an fhéachaint mhíchéatach uirthi go dtéann sí isteach i seomra ranga na Paipeamaintise.

Siúlann Teili isteach sa seomra ranga céanna, cuthach feirge uirthi ach í goilliúnach ag an am céanna. Tá an áit ar shuigh na maistíní feicthe aici cheana féin agus roghnaíonn sí áit ónar féidir iad a fhaire gan a bheith róghar dóibh.

"Haiman... Hanmanty..."

"Hi-hi-hi-hi-hi-hi..." tosaíonn an grúpa beag de chainteoirí Ollannaise ag gáire.

"...A Mhartina," a deir an múinteoir, í ag iarraidh an dochar a bhaint as.

Chuir sé seo cantal ar Theili agus labhair sí go dána léi: "Tá trí mhí caite ó thosaigh an scoil, a mhúinteoir, agus níl tú in ann m'ainm a rá i gceart fós!"

"Dia dár réiteach, tá a fhios agat nach bhfuil aon mhaith liom le hainmneacha! Ina theannta sin, seo é an rang deiridh, bíodh trua éigin ionat", a deir an múinteoir agus í ag iarraidh Teili a chur ar a suaimhneas.

Fad is a bhíonn an múinteoir ag glaoch an rolla, beireann Teili ar a peann agus tosaíonn sí á scríobh seo ar chlúdach a leabhair, Haimentely Conzewits Josefina Martina.

"An é sin d'ainm iomlán?" a fhiafraíonn cara lena taobh, le teann fiosracha.

Sméideann Teili gurb é agus meangadh ar a haghaidh.

"Magadh atá tú! Cé acu a bhí cruthaitheach, do Mham nó do Dhaid?"

Leanann cara Theili á ceistiú agus insíonn sí di mar a tharla go raibh dhá ainm baiste agus dhá shloinne uirthi féin.

Le linn do Theili a bheith ag éisteacht léi, thosaigh sí ag maisiú a hainm ar an gclúdach agus labhair sí nuair a bhí a cuid ráite aici:

"Is amhlaidh mo chás-sa. D'inis mo sheanmháthair dom go ndearnadh an-phlé ar m'ainm sular réitíodh é. Theastaigh ó m'athair mé a ainmniú i ndiaidh a mháthar, mo sheanmháthair nach maireann. Theastaigh ó mo sheanmháthair, máthair mo mháthar, go gcloífi le traidisiún an chreidimh agus go n-ainmneofaí mé as ainm an naoimh ba ghaire do mo lá breithe, de réir leabhráin Bristol¹. Ach ní raibh aon mhaith ag caint le mo mháthair, an té ba stuacánta díobh, lean sise uirthi ag rá gur cheart na hainmneacha a chur le chéile:

¹ Tagraíonn seo d'Almanac, 'Almanaque Pintoresco de Bristol,' a fhoilsítear go bliantúil ina lán de thíortha Mheiriceá Laidineach.

a hainm féin, Sharentely a chomhcheangal le hainm m'athar, Haime. Bhíodar ar fad sásta ar deireadh mar gur tugadh na trí ainm orm".

"Ha ha, is maith liom do Mham..."

Ní thugtar deis do chara Theili a habairt a chríochnú mar go n-iarrann an múinteoir ar gach dalta aird a thabhairt ar a bhfuil scríofa ar an gclárdubh, go leanfaidh sí ar aghaidh lena ceacht.

"Ceart go leor. Má fhéachaimid ar na focla seo, **éagsúlacht** agus **féiniúlacht**, cuidíonn an chéad cheist linn soiléiriú a fháil orthu mar fhocail: **Cé thú féin?** An bhféadfá a insint dúinn, a Rihanna céard a mhúnlaíonn d'fhéiniúlacht?"

Freagraíonn Rihanna í go díocasach i gcanúint Ollannach: "An scoil a bhfuilim ag freastal uirthi, na cairde atá agam agus an t-éadach a chaithim..."

"An-mhaith, a Rihanna," a deir an múinteoir go spreagúil.

"Ach níl mo chuid ráite, a mhúinteoir. Is cuid díom an t-ainm a thug mo mhuintir orm freisin," a deir Rihanna, í ag cur isteach ar an múinteoir agus ag féachaint ar Theili.

Tosaíonn na páirtithe ranga atá suite i ngrúpa Rihanna, agus roinnt daltaí eile sa seomra ranga, ag gáire ach tugann an múinteoir neamhaird orthu agus leanann uirthi ag caint: "Tá an ceart agat! Má bhímid dílis dár ndúchas agus dár gcultúr beidh a fhios ag an domhan mór rud éigin fúinn, ónár n-ainmneacha: cén áit arb as sinn agus cén creideamh atá againn. Ach tá roinnt tuismitheoirí faraor, ar lucht leanúna spóirt iad agus dream a thacaíonn le healaíontóirí áirithe, a shocraíonn a bpáistí a ainmniú i ndiaidh laochra spóirt agus daoine cáiliúla. Agus níl a fhios ag am dream sin an ann nó as a bpáistí".

Caochann an múinteoir a súil ar Theili agus leanann sí ar aghaidh leis an gceacht.

"Ó bhó go deo!" a bhéiceann na daltaí sa rang.

Tá meangadh meidhreach ar Theili agus leanann sí uirthi ag glacadh nótaí.

Sula mbuaileann an cloigín tugann an múinteoir na teoracha in athuair: "Obair bhaile: suigh i do ghairdín nó ar chladach trá agus breathnaigh ar an nádúr. Scríobh síos gach ní a dtabharfaidh tú suntas dó agus déan cur síos ar a thréithe. Scríobh ceithre haiku ansin faoi chothroime agus faoi éagsúlacht, i gcomhthéacs na rudaí ar thug tú suntas dóibh. Bí cruthaitheach agus tabhair pictiúir isteach leat!"

Imíonn na daltaí as an rang faoi dheifir le dhul abhaile, agus imíonn Teili freisin, ach díreach lasmuigh de dhoras an tseomra ranga...

In oifig an phríomhoide

“A Haimentely Martina, ní rabhas ag súil leis an iompar seo uaitse. Féach! Féach ar an rud a rinne tú! Súil dhubh, aghaidh scríobtha, éide scoile stróicthe, ní ghlacfar leis seo!”

Tá Teili ina suí go caithréimeach, í ag féachaint ar Rihanna, agus ise ina suí, a súile claonta, paca fuar aici taobh thiar dá muineál chun an fhuil a stopadh ag sileadh as a srón. *Uirthi féin an locht, taispeánadh sí meas, nó taispeánfadsa di lena léiriú*, a deir Teili léi féin agus meangadh uirthi.

Fad is a bhí an príomhoide ag fiafraí de Rihanna faoinar tharla, smaoiníonn Teili ar an gcaoi ar thosaigh sé ar fad... *Ar an Luan, an dara seachtain scoile le linn an rang Béarla a tharla sé. Iarradh orm mothú an té a bhíonn faoi leatrom a mhíniú. Ó tharla nach bhfuil mo chuid Béarla chomh maith sin, shocraíos é a rá i bPaipeamaintis, rud a rinneas cheana i ranganna eile. Chuir Rihanna, atá líofa san Ollannais, i mo choinne agus dúirt sí gur chóir dom é a mhíniú as Ollannais, teanga oifigiúil na tíre agus teanga teagaisc na scoile. Bhraitheas an teannas i mo cholainn agus tháinig cuthach feirge orm. 'Nach dána an mhaise do Rihanna a theacht go dtí mo thírse agus a bheith ag iarraidh cosc a chur ormsa nithe a mhíniú i mo theanga dhúchais'. Chuir mise ó earraíocht í nuair a mhínios roinnt nithe di i bPaipeamaintis agus in Ollannais.*

Cuireann an príomhoide isteach ar smaointe Theili, "Céard atá le rá agat ar do shon féin, Haimentely?"

"Tá sé simplí, a phríomhoide. Tá a fhios ag gach múinteoir sa scoil faoina bhfuil ag tarlú, ach faic ní dhéanann éinne acu faoi. Bíonn Rihanna ag fonóid fúinne, an dream a labhrann Paipeamaintis agus bíonn sí ag magadh faoinár dtraidisiúin. Síleann sí gur dúr atá an dream a labhrann Paipeamaintis agus gur sa bhfásach a tógadh iad...dá bhrí sin thaispeáin mé di inniu mar a mhúineann dream gan oideachas do dhaoine sibhialta meas a bheith acu ar dhaoine eile".

Tá iontas agus fearg ar an bpríomhoide: "An bhfuil sé seo fíor, a Rihanna? An ndúirt tú é sin?"

Cuireann an dreach atá ar aghaidh Theili iallach ar Rihanna a ceann a chlaonadh agus a admháil go ciúin go ndúirt.

"Seo bulaíocht agus ciníochas, ní ghlactar lena leithéid sa scoil seo! Féadfaidh do thuismitheoirí tosú ar scoil eile a lorg duit. Ní ghlacann an scoil seo lena leithéid d'iompar ó dhalta ar bith".

Tá an príomhoide tinn tuirseach den iompar seo. Ní tharlaíodh a leithéid d'eachtraí sa scoil cheana ach bhí cloiste aige faoi go leor aighnis idir Rihanna, Teile agus daltaí eile i rith na bliana acadúla seo.

Agus ba í seo an iarraidh a mharaigh an mhuc.

Tagann dath dearg ar Rihanna agus sileann na deora mar eas ar a haghaidh. Téann sí ar a glúine os comhair an phríomhoide agus impíonn air: "Ná, ná díbir mé...Iompród mé féin...déanfad mo dhícheall...Tá brón orm! Gabh mo leithscéal...a Theili".

Níl a fhios ag Rihanna céard is fearr di a dhéanamh. An smaoineamh go ruaigfí as an scoil í, ghoill sé chomh mór uirthi gur tháinig líonrith uirthi. An díomá a bheadh ar a máthair an chéad rud a rith léi, théis a ndearna sí di le go ligfí isteach sa scoil seo í. Ní fhéadfadh sí a shamhlú go mbeadh uirthi freastal ar scoil eile i lár na scoilbhliana agus go mbeadh uirthi cairde nua a bheith aici. Dá mhéad a smaoiníonn sí air is amhlaidh a mhéadaíonn a cuid caoineacháin. Ardaíonn sí a ceann agus féachann idir an dá shúil ar Theili. Beireann Rihanna ar chos Theili, a súile agus a srón dearg, a guth agus a colainn ar crith, impíonn sí: "Maith dhom é, a Theili. Ní dhéanfad arís é".

Ar fheiceáil an tsamhail seo os a comhair, méadaítear ar fhéinmhuinín Theili. Tá loinnir ina súile agus léiríonn a meangadh a cuid sástachta. Féachann sí síos ar Rihanna, a béal dúnta agus í ag smaoineamh: *I ndeireadh thiar tá ceart le fáil. Faraor nach bhféadfaí thú a ligean isteach i scoil ina gcaithfeá Paipeamaintis a labhairt, áit a dtabharfaí spídiúlacht duit mura labhrófá í, ionas go dtuigfeá an méid a mhothaigh mise...*

An ní nár thuig Teili, ámh, nach mbíonn an cluiche thart go séidtear an fheadóg.

Níos Deireanaí i dteach Mhamó

"Tar anseo, a Theili, agus inis dom céard a tharla ar scoil inniu".

"An cuimhin leat an ghirseach Ollannach, a Mhamó, ar inis mé duit fúithi a bhíodh do mo chrá ar scoil?"

"Cé acu? An ceann a ndúirt tú fúithi ag tús na bliana gurb é ba lú di a dhéanamh Paipeamaintis a labhairt, ó tharla gur chónaigh sí i gCúrasó?"

"An ceann céanna! Bhuel, chuaigh sí féin agus a cairde thar fóir an iarraidh seo. Bhídís seasta ag caitheamh sáiteáin le lucht labhartha na Paipeamaintise. Bíonn siad de shíor ag fonóid faoinár mbéasa agus ár mbealaí".

"An mar sin é?" a deir Mamó, í ag cur stad le luascadh na cathaoireach agus ag brú a spéacláirí níos gaire dá súile, ag tabhairt le fios, mar dhea go gcuideoidís lena cuid éisteachta.

"Ón gcéad chaidéis sin a Mhamó, tá sé chomh maith dom a rá gur fhógair siad cogadh orm mar go mbíonn siad seasta do mo mhaslú ar mo shealsa sa rang, nó aon am a siúlaim tharstu. Chuireas in iúl do roinnt mhaith múinteoirí é ach síleann siad gur áibhéil atá ar bun agam. Is í mo chomhairleoir ranga an t-aon duine a labhair leo faoi."

"An í an múinteoir Paipeamaintise do chomhairleoir ranga?"

"Is í. Bhuel a Mhamó, bhíos cráite ag an síorchéasadh seo. Shocraíos inniu nach gcuirfinn suas a thuilleadh leis an drochíde óna na daltaí amaideacha seo a cheapann go bhfuil siad níos fearr ná aon duine eile. Thosaíodar ag magadh faoi m'ainm sa rang Paipeamaintise. Ar fhágáil an tseomra ranga dúinn, dúirt sí liom go raibh m'ainm ar nós ainm duine a chónódh sa bhfásach. D'imigh mé as mo chranna cumhachta, a Mhamó".

"Ach nár mhúin Mamó dhuit comhaireamh go dtí a deich sula ndéarfá nó a ndéanfá aon rud nuair a bhuaileadh fearg thú?"

"Tharraing mé anáil fhada, a Mhamó agus chomhair mé go dtí a deich. Ach lean sí uirthi agus dúirt sí gur mhaith léi, le teann fiosrachta, a fháil amach cén t-ainmhí a raibh mo mháthair cosúil leis, mar go mba léir gur ainmhí amháin a thabharfadh a leithéid d'ainm gránna ar pháiste".

Bhí iontas an domhain ar Mhamó agus choinnigh sí a lámha ar aghaidh a béil, ag guí mar dhea. "Chuala mé m'ainm, a Mhamó, chomhair mé suas go deich, ansin chuala mé Mam á samhlú le hainmhí agus dúras liom féin gurb in sin. Bhuail mé deich n-uaire chomh láidir agus a d'fhéadfainn í le mo dhoirne. A leithéid de shotal, mo mháthair a mhaslú ar an gcaoi sin?"

Le linn do Theili a bheith ag insint dá seanmháthair faoin gcaoi ar thosaigh an t-achrann agus an chríoch a bhí leis, thosaigh an tseanmháthair ag cuimhneamh ar chomhrá a bhí aici lena hiníon, le máthair Theili, an tseachtain roimhe sin. *Ní thuigeann m'iníon an tionchar atá ag a mothú ísleachta ar a hiníon, mothú a cheapann sí, go hearráideach, a bheith Eorpach ina mheon. Toilíonn sí aithris ar na hEorpaigh agus ag an am céanna déanann sí faillí agus neamhaird ar a fréamhacha Cúrasóch féin. Dhiúltaigh sí Teili a chur chuig an scoil sa gcomharsanacht, á áiteamh go gcuirfeadh scoil ar bith arbh í an Phaipeamaintis an phríomh-theanga teagaisc inti bac ar dhul chun cinn a hiníne. Deir sí gur scoil mhaith í an scoil a bhfuil Teili ag freastal uirthi faoi láthair agus go n-éiríonn lena lán dá scoláirí san Ísiltir. Ach an scoil Ollannach seo a bhfuil an oiread sin measa aici uirthi, is údar crá croí dá hiníon í.*

"Thug sé sásamh dom a Mhamó nuair a fuair Rihanna an méid a bhí ag dul di, agus chuir sé breis ríméid orm nuair a bhí sí ag gabháil a leithscéil liom. Ach táim brónach anois".

"Cén fáth é sin, a Theili?"

"Is é an chaoi, a Mhamó ar thug Mam íde béil dom ar an mbealach anseo. Lean sí uirthi á rá seo liom: 'Nach dtuigeann tú an méid ab éigean dom a dhéanamh duit le go nglacfaí leat mar dhalta sa scoil seo agus is é mo bhuíochas mé a náiriú mar seo'. In áit a bheith tuisceanach faoi mo chás a Mhamó, síleann Mam gur cheart dom a bheith gaibhte chun cainte leis an múinteoir in áit an cúram a ghlacadh orm féin. Ach ní fhéadfainn cur suas leis a thuilleadh!"

Tháinig drochmhisneach ar Theili, thosaigh sí ag caoineadh agus dúirt i nguth géar creathach: "Tuige nach bhfuil ionainne ach drochmhianach agus nach mbeidh aon chaoi orainn mura mbeidh muid níos cosúla leis na hEorpaigh? Tuige a gcaithfidimid fanacht ciúin, glacadh le gach ní, a bheith umhal agus cead a thabhairt do dhaoine eile caitheamh linn mar is mian leo. Tá daoine ann fós, a Mhamó, múinteoirí fiú, a shíleann gur drochréiteach don saol í an Phaipeamaintis."

Slíocann Mamó cloigeann Theili, í ag iarraidh sólas a thabhairt di agus deir: "Glac staidéar, a stór, níl gach ní sa saol seo dubh agus bán".

Ach ghéaraigh Teili ar an ngol. Tugann sí barróg mhór do chosa a seanmháthar agus cuireann sí a haghaidh ina hucht agus deir: "Sílim gur rugadh sa teaghlach mícheart mé agus sa tír mhícheart. Drochrath ar an lá ar shocraigh mo Mham gan mé a chur chuig an scoil ba rogha liom, in áit mé a chur chuig an gceann seo.

Níorbh fhéidir foighid a chur i dTeili. Bhí sí buailte, cheap sí. Chuir brón Theili isteach ar a seanmháthair agus shocraigh sí scéal a insint di le misneach a thabhairt di.

"A Theili, a stór, an bhfuil fhios agat gur macasamhail de stair choilíneachta na tíre seo í do chuid buairimh? Tá do chuid troda inchurtha leis an troid ar son ár dteanga, An Phaipemaintis".

Cuireann Teili stop lena gol agus féachann le hiontas uirthi.

"An bhfuil a fhios agat gur le deireanaí a ceadaíodh Paipeamaintis a mhúineadh ar scoil? Nuair a bhí mise ag dul ar scoil, ní raibh cead againn Paipeamaintis a labhairt sa gclós fiú. Chuirte pionós orainn dá mbeirtí orainn á labhairt agus níos measa fós, bhí daoine ag éileamh go láidir go gcoinneofaí Paipeamaintis as gach gnó oifigiúil. Throid go leor daoine ar feadh blianta go dtabharfaí aitheantas oifigiúil don teanga. Le blianta fada ámh, nó leis na céadta bliain ba cheart dom a rá, bhí intinn na ndaoine múnlaíthe sa gcaoi is gur chreid siad nach raibh aon mhaith sa rud a bhí acu féin, nach raibh saoirse acu a rogha rud a dhéanamh, nó nach raibh siad maith a ndóthain i gcomparáid le daoine eile - tá a leithéidí ann fós a chreideann a leithéid".

Suíonn Teili suas díreach agus tarraingíonn sí anáil mhór. Cuimlíonn Mamó a haghaidh agus leanann uirthi ag caint: "Is geall le róbócha iad a ndéanfaí réamhchlárú orthu le smaoinemh ar an gcaoi sin, agus a mbeadh frithvireas suiteáilte iontu le diúltú d'aon ní a d'fhéadfadh a gcuid smaointe a athrú".

"An gciallaíonn seo, a Mhamó, gurb ionann an bealach a smaoiníonn Mam agus na róbócha seo agus go bhfuil réamhchlárú déanta ag na hOllannaigh uirthi?"

Déanann Mamó maolgháire agus freagraíonn í, "ní hiad na hOllannaigh amháin a thugann ar dhaoine smaoinemh mar seo orthu féin agus ar a gcultúr, is amhlaidh an scéal i gcás gach coilíní eile. Níor creideadh san éagsúlacht in aimsir sin na coilíneachta.

Níor thuigeadar go raibh a dhath féin ar gach bláth agus gur bláthfhleasc álainn a bheadh ann dá gcuirtí le chéile iad. Déan mar a deirimse nó cuirfead iallach ort géilleadh, an leagan amach a bhí ann an uair sin.

“Céard tá i gceist agat leis sin?” a d'fhiafraigh Teili agus iontas uirthi.

“Féach, a stóirín, má léann tú an stair, tabharfaidh tú faoi deara gurb é an córas céanna a chuir na coilínithe i bhfeidhm sna críocha uilig: cuireann na coilínithe ceantar faoina smacht agus déarfaidh siad le daoine eile gur leo é, iad siúd a chuireann ina n-aghaidh cuirtear chun báis iad, agus cuirtear iallach ar an gcuid eile iad féin a iompar mar a dhéanadh féin. D'éirigh leo é seo a chur i bhfeidhm mar gur thugadar obair chapail don dream a bhí faoina gcosa agus chuireadar sa riocht iad go raibh orthu a bheith ag brath ar na coilínithe i gcomhair bia agus ansin a bheith ag brath orthu go heacnamaíoch. Ina theannta sin, chuiridís oideachas ar an leatromach sa gcaoi is gur munlaíodh iad ar bhealach a d'fheilfeadh na coilínithe, is é sin dream a bheadh géilliúil, nach mbeadh muiníneach astu féin, agus a dteastódh na coilínithe uathu le go mairfidís. Is é fírinne an scéil go ndearna na coilínithe ar fad é seo nó gur thriáil siad é a dhéanamh. D'éirigh le cuid acu níos fearr ná a chéile, ach ba mhar a chéile an cás ar fud na cruinne; le fanacht beo b'éigean dóibh siúd a ndearnadh coilíniú orthu a bhféiniúlacht, cérbh iad féin, a shéanadh.

“An gciallaíonn sin nach bhfuil a fhios agamsa ná ag Mam cé muid féin?”

“Ní chiallaíonn, a Theili, ná tada mar é. Níl cúrsaí chomh dona sin. Is furasta róbócha a shreangú agus déanfaidh siad mar atá cláraithe dóibh, ach ní hionann don duine. Ach cén fáth, a stóirín, nach dtógann tú cith, do cholainn a fhuarú agus d'intinn a shuaimhniú fad is a bheadsa ag réiteach greim bia dhuit. Féadfaimid labhairt faoinár bhféiniúlacht arís ag an mbord, cé muid féin agus an stair a bhaineann linn”.

Le linn chruinniú na múinteoirí an tseachtain sin

“Ní aontaím leis seo. Tharlódh go bhfuil dlithe oideachais ann a bhfuil orainn cloí leo, ach tá cearta daonna ann freisin a chaithfear a chur san áireamh; agus tá níos mó tábhachta leo siúd i mo thuairimse. Cén chaoi ar féidir le dream beag tuismitheoirí a dtoil a chur i gcion ar an gcaoi sin? De bhrí go bhfuil siad ar choiste na dtuismitheoirí, an gciallaíonn sin go gcaithfidh an scoil glacadh le pé ní a deir siad?”

Ní hé amháin go gceapann siad gur cheart níos mó deiseanna a bheith ag a gclann thar dhaoine eile, ach gur cheart dúinn a bheith fabhrach leo freisin:

teastaíonn uathu go n-athrófaí a leanáí ó ghrúpa amháin go ceann eile, go n-athrófaí a gcomhairleoir ranga, go dtabharfaí díolúine dóibh ón bPaipeamaintis...dúisigí! Céard tá ar bun againn?" a deir an múinteoir Paipeamaintise go diomúch, arb í comhairleoir Theili agus Rihanna í freisin.

"Tuigim go bhfuil tú buartha, ach táimid i sáinn. Tugann na tuismitheoirí seo síntiús don scoil nuair is gá, ní dhéanfadh drochphoiblíocht aon leas don scoil," a d'fhreagair an leasphríomhoide.

Bhí an teannas ag méadú le linn an chruinnithe. Bhraith an múinteoir Paipemaintise go rabhthas á thréigean. D'fhan na múinteoirí a raibh súil aici lena dtacaíocht ina dtost, agus thacaigh an chuid eile le Rihanna.

"Ar cheart dúinn mar sin neamhaird a thabhairt ar chothrom na féinne ar mhaithe le cáil nó le hairgead? An dtuigim é seo i gceart?" a deir an múinteoir Paipemaintise don uair dheireanach.

Labhair an príomhoide leis an múinteoir i dtaobh a leathfhocail agus d'iarr go leanfaí le míreanna eile an chláir. Leanadh leis an gcruinniú in Ollannais mar ba ghnách.

Tá sé seo áiféiseach, a dúirt comhairleoir ranga Theili léi féin, cúigear nach dtuigeann Paipeamaintise agus dá bharr sin caithfidh breis agus scór againn a dhul dá réir agus Ollannais a labhairt, gan d'údar leis ach gurb í an Ollannais teanga teagaisc na scoile. Feit!

D'fhág an múinteoir an cruinniú agus í sáraithe. Ní hé amháin gur vótáil an mórloch Rihanna a ligean ar ais ar scoil, ach nár thug a comhghleacaithe féin tacaíocht di. An dream a mhaíonn go bródúil go dtacaíonn siad leis an bPaipeamaintise, ní raibh smid astu an iarraidh seo.

Ach ní hé seo a dheireadh, a dúirt comhairleoir ranga Theili léi féin, troidfeadsa an cath seo ó mo chroí.

Coicís níos deireanaí sa rang Paipeamaintise

"Is leatsa labhairt anois, a Rihanna. Luaigh trí rud is maith leat faoi mhuintir Chúrasó?"

Baineadh stangadh as Rihanna, ach bhí a fhios aici nach raibh de rogha aici ach smaoinemh ar fhreagra. Choinnigh sí a béal dúnta ar feadh achar fada, ámh.

"An bhféadfadh aon duine de do chairde cuidiú leat?" a d'fhiafraigh an múinteoir.

Bhí an rang chomh ciúin go gcloisfeá biorán ag titim.

"An bhféadfáa trí ní a thaithníonn leat faoi na hOllannaigh a inseacht dúinn, a Theili?"

"Cinnté, a mhúinteoir. An-dream gnó iad, tá siad giorraisc agus tíosach...is é atá i gceist agam go bhfuil siad lánabalta airgead a shábháil d'am an ghátair".

Phléasc an rang ar fad amach ag gáire.

"Maith thú, a Theili. Is tréithe maithe iad seo agus ba chóir dúinn iad a mholadh. Ar éirigh leat smaoineamh ar aon rud, a Rihanna?"

"D'éirigh, a mhúinteoir," a dúirt Rihanna go faiteach, "is cócairí breátha iad muintir Chúrasó...agus tá a fhios acu le sult a bhaint as an saol".

"Agus má chuirimid cluas orainn féin tuigfidimid gurb é seo an rud a dtugtar éagsúlacht air", chaoch an múinteoir a súil ar Theili. "Ba chóir dúinn meas a bheith againn ar a bhfuil ag daoine eile, nach bhfuil againne, gan a bheith ag smaoineamh gur glaise iad na cnoic i bhfad uainn nó go gcaithfidimid a bheith mar a chéile leo le bheith chomh maith leo. Ní maith nó olc atá san éagsúlacht. Difríochtaí atá inti. Ná ligimis é seo i ndearmad nuair a bheimid ag díriú ar an obair bhaile atá ceangailte lenár gcéad tionscnamh eile agus a mbeidh orainn é a chur i láthair, faoi cheann dhá mhí, ar Lá Idirnáisiúnta na Máthairtheangacha".

Dhá mhí níos deireanaí: Lá Idirnáisiúnta na Máthairtheangacha

Tháinig an lá mór faoi dheireadh. De réir a chéile líonadh an halla go fiacail. Bhí an chuid a cuireadh in áirithe do thuismitheoirí agus do chuirteoirí lán, agus bhí na suíocháin ar chaon taobh den stáitse a bhí curtha in áirithe do na leanaí scoile beagnach lán. Cé a cheapadh go mbeadh an oiread éilimh ar a leithéid de thionscnamh, ar cheiliúradh Lá Idirnáisiúnta na Máthairtheangacha?

Bhí éagsúlacht sa gclár agus léirigh gach rang a leagan féin den chultúr. Cuireadh ábhar i láthair i Mandairín mar aon le taispeántas ar dhéanamh domplagán, seó ar ealaíon comhraic ina dhiaidh agus ceol Síneach curtha leis. Bhí trí rang le chéile sa gcéad mhír eile a cuireadh i láthair, iad ag tabhairt léiriú ar thionchar na Spáinneach ar Mheiriceá Laidineach. Seó an-ghreannmhar a bhí ann, go háirithe nuair a chualathas na leaganacha éagsúla Spáinnise agus nuair a chonacthas chomh bríomhar, rithimiúil agus bhí na grúpaí eitneacha seo. Bhí an príomhoide bródúil as an scoil de bhrí go raibh neart ilchultúrachais, cómhaitheachtáil agus glacadh le héagsúlachtaí i ndaoine eile le feiceáil inti.

Tháinig athrú ar an atmaisféir nuair a chuaigh daltaí as rang an mhúinteora Paipemaintise ar stáitse. Murab ionann agus na grúpaí eile, bhí an chuma ar an ngrúpa seo gur easaontas a bhíodar a chruthú. Ba é grúpa Theili an ceann a thosaigh. D'aithris siad dán faoi chruálacht na nOllannach le linn na daoirse. Bhí an dán déistíneach agus níor fheil sé don ócáid. Bhí an chuma air go raibh siad ag iarraidh cáineadh a dhéanamh ar ghrúpa Rihanna.

Níorbh le grúpa Rihanna ab fhaillí é. Chuireadar in iúl do ghrúpa Theili i rapamhrán chomh rathúil is a bhí na hOllannaigh, agus na nithe nár thaithin leo faoi mhuintir Chúrasó.

Bhí neart an teannais le brath sa lucht éisteachta agus rinne an príomhoide iarracht a dhul chun cainte leis an múinteoir Paipemaintise go n-iarrfadh sé uirthi an cás a mhíniú dó, ach sular éirigh leis a theacht i ngar di tháinig lucht preas chuige, iad díreach tagtha le scannán a dhéanamh ar chuid den imeacht i gcomhair tuairisc nuachta. Is garr gur chualathas fuaim an *tambú*² agus an *chapi*³. Chuaigh grúpa Theili ar ais ar stáitse. Thosaíodar ag canadh agus ag damhsa go rábach os comhair ghrúpa Rihanna. Thosaigh gach duine ag cogarnaíl agus ag fiafraí faoina raibh ar bun acu. Idir an dá linn, d'éirigh leis an bpríomhoide bualadh le comhairleoir agus múinteoir an ghrúpa agus d'iarr sé uirthi eadráin a dhéanamh, ó tharla go raibh cúrsaí ag dul thar fóir, go háirithe ó tharla an preas a bheith i láthair.

Ós rud é nach raibh fonn géillte ar an múinteoir Paipemaintise agus go raibh sí ag fanacht ar a deis, labhair sí mar seo leis: "Ní mise an té a thairg an dara seans do ghasúr sa scoil seo".

Bhí cuthach ar an bpríomhoide agus rinne sé iarracht a dhul ar stáitse, agus an múinteoir Paipemaintise sna sála aige...ach bhí sé rómhall. Bhí an dá ghrúpa ina seasamh ar aghaidh a chéile, díreach mar a tuaradh, thosaigh achrann eatarthu. Thosaigh gasúr amháin ag brú gasúir eile. Thosaigh duine ar ghruaig dhalta eile a tharraingt....Dia dár réiteach! Bhí sé ina réabadh. Scanraigh an lucht féachana. Ach faoin am ar éirigh leis an bpríomhoide agus le roinnt múinteoirí eile a mbealach a dhéanamh ar stáitse, go stopfaidís an troid, tosaíodh ar cheol an *tambú* agus an *chapi* in athuair, ach gur cuireadh rithim eile leis a bhain stangadh as cách. San áit ar síleadh achrann a bheith ar bun rinneadh léiriú amharclainne de. D'fhiafraigh an múinteoir Paipemaintise a bhí páirteach sa dráma freisin, den lucht féachana:

"An bhfuil muid i ndáiríre réidh don éagsúlacht, nó an bhfuilimid sáinnithe san am a caitheadh? An síleann muid fós gur glaise iad na cnoic i bhfad uainn?"

Chuir an múinteoir Paipemaintise an cheist arís ar bhuille an *tambú*, fad is a bhí na daltaí á dtreorú siúd a tháinig ar stáitse ar ais go dtí a gcuid suíochán. Nuair a bhí sin déanta acu, tháinig grúpa Theili agus Rihanna le chéile chun amhrán *tambú* a dhamhsa. Nuair a bhíodar leathbealaigh tríd an amhrán, d'aithris Teili dán faoina gleic ar scoil. D'athraigh an ceol ina dhiaidh sin ón *tambú* go *tumba*⁴ agus ghabh Rihanna amhrán meidhreach ag moladh tréithe na gCúrasóch. Maidir leis an amhrán deiridh seo chuaigh gach aon duine ag damhsa agus ag canadh leis an gcurfá: "Laga historia atras, mi stima bo mane bo ta." *Fágaimis an stair inár ndiaidh, táim i ngrá leat mar atá tú.*

² Tharlódh go dtagraíonn Tambu nó *tambú* don seánra ceoil a fhaightear ar oileáin Aruba, Bonaire agus Curaçao, nó do dhroma beag, an phríomhuirlis mar aon leis an ngrafán a sheinntear sa gceol *tambú*.

³ Grafán, gan feac, ceann de phríomhuirlisí an cheoil *tambú*.

⁴ Seánra ceoil de bhunús na hAifrice é an *Tumba* a bhfuil fáil air in *Tumba*, in Aruba agus in Curaçao.

Fágadh an príomhoide ina staic, gan trácht ar thuismitheoirí Theili agus Rihanna. Bhí gliondar a gcroí ar na múinteoirí. Sheas an slua ar deireadh agus ligeadar na gártha molta. Thug an bheirt chailíní barróg dá chéile agus dúirt lena chéile: "chruthaigh tú go maith, a chailín!"

AN CHRÍOCH